TURASÓRAĊT TABAĊTAĊ

Ḃfuil Bord Fáilte nó luċt turasóireaċta ag déanaṁ rud ar biṫ le cabrú leis na coláistí Gaeilge agus le cabrú leis an gné tabaċtaċ seo don turasóireaċt. Turasóireaċt ag baile.

Cíonn muid daoine ag tabairt coṁairle ó ag go ham. Caiṫ do laeṫa saoire sa ḃaile, agus ba tábaċtaċ an rud dúinne, go gcaiṫfeaḋ ár muintir féin a gcuid laeṫa saoire sa ḃaile in áit a ḃeiṫ ag caiṫeaṁ airgead na tíre ṫar lear.

Aċ san am ċéanna, nuair atá dreamanna ag iarraiḋ an pobal a ċoinneáil sa ḃaile, agus go ḃfuil ag éirí leo, is fíor beag cabair a ġeiḃ siad ó Ḃord Fáilte, nó óna h-údaráisí Turasóireaċta.

Déanta na fírinne, féadfaim a rá naċ ḃfáiġeann siad cabair ar biṫ, aċ easpa coṁ-oibre agus diúltú coṁ-oibre, aċan ċaoi a ḃféaċann tú air.

Tá sé na naṫan i nGaeltaċt Ḋún na nGall, naċ ḃfuil gar ar biṫ duit a ḋul ar tóir Ḃord Fáilte, má tá ainm Gaeilge ort, nó má labrann tú Gaeilge, nó má ṫugann tú le fios dóiḃ ar ċaoi ar biṫ go ḃfuil meas agat ar an nGaeilge. Deirtear fiú aṁáin, naċ dtugann Bord Fáilte freagra ar litreaċa má ḃíonn ainm i nGaeilge leo.

Ba ṁillteanaċ sin mar scéal, dá mbeaḋ fíor, agus tá siad ann, adeir go ḃfuil.

LEABRAN FA RIALÚ NA TÍRE

Tá leabránan deas agus an taiṫneaṁaċ foilsiṫe ar an Stát-Seirbís. Tugann sé eolas ar iomlán na ngnóṫaí a níos an Stát-Seirḃís, agus an gnó fé leiṫ atá ag gaċ roinn don Rialtas le déanaṁ. Tá an t-iomlán i nGaeilge ḋeas do-léite, so-ṫuigṫe, Gaeilge a ṫuigeaḋ an gnáċ duine, Gaeilge ḃeo, mar 'déarfá, agus tá an leabar féin maisiṫe le pictiúirí taiṫneaṁaċa agus an leagan amaċ tarrantaċ so-léite. Is maiṫ an rud é seo, agus i saol an lae inniu. is miṫid é.

Measaim san am ċéanna, naċ mar ġeall ar an Stát-Seirḃís a ċur os coṁair an ṗobail insan solus is fearr, is cuspóir don leabar, aċ go raiḃ sé ag éirí níos deacra arcaiġ a ḟáil don Stát-Seirḃís, agus tá an leabrán seo díriṫe, aċ go h-aiṫrid, ar na scoltaċa. agus ar ḋaoine atá ag fágáil na méan-scoltaċa ċun a ṫaispeáint dóiḃ go ḃfuil seans dóiḃ insan Stát-Seirḃís.

I leaṫanaċ istiġ leis an leabar tugtar cuntas ar tuarasdáil gráid áiriṫe Seirḃísí ginearálta faoi láṫair agus eolas mar ġeall ar na cúramai atá le coṁlíonaḋ acu, agus na cáilíoċtaí is gá a ḃeiṫ acu. Is rud maiṫ seo, agus molaimid an té a ċur le ċéile é.

Leagan Gaeilge ar fad a cuirfeaḋ ċugainne, agus is maiṫ an ru d go ḃfuil an Stát-Seirḃís ag cuiṁneaṁ ar Ġaeilgeoirí. Mar sin ḟéin, áfaċ, caiṫfid muid a ċeistniú cé'n fáṫ. Le deiċ mbliana anuas, gur ḋiúltaiġ Coimisiún na Stát Seirḃíse ar aon arcaiġ do iarraḋ as an nGaeltaċt, don Stát Seirḃís, nuair nár ċuir siad fógraí ar biṫ i bpáipéar na Gaeltaċta, ar lorg daoine do na scrú-dúċáin Stát-Seirḃíse.

Cuireaḋ ar a súile dóiḃ go raiḃ AMÁRAĊ ann mar ṗáipéar na Gaeltaċta, agus go nglacfaí le fógraí na Stát-Seirḃíse, aċ ḋiúltaiġ an Coimisiún na fógraí seo, a ḃfuilṫear ag íoc as airgead poiblí astu, agus ar ċeart coṫrom na féinne a ṫabairt do gaċ aicme don ṗobal ionntu, do ċur isteaċ in páipéar na Gaeltaċta.

Níl ḟios ag duine cé'n fáṫ.

CAD ĊUIGE AN MHOILL?

Ag cruinniú de Ċoiste Gairm-Oideaċais Ṁuiġeo i gCaisleán an Ḃarraiġ, h-inseaḋ naċ ḃfuarṫas údarás na Roinne fa ċoinne scoláireaċtaí taistil go fóill.

Dúirt S. Ó Reagáin, Príoṁ-Oifigeaċ, gur h-aontaíoḋ 6d. sa lá a íoc ṫar ċeann páistí a ḃí idir 5 agus 7 míle ón scoil, agus 9d. do daltaí a ḃí os cionn 9 míle ón scoil.

Ní ḃfuarṫas údarás na Roinne don scéim sin fós.

Dúirt sé go raiḃ siad ag déanaṁ socraiṫe fá ċoinne scoláireaċta taistil ins na ceantair Ġaeltaċta.

Ṫug an Coiste cead do Séamas Ó Liaṫáin, T.T.G., a ḃeiṫ as láṫair tréiṁse fad agus ḃí sé ag teagasc ar ċúrsa an Teastas Timṫire. Cinneaḋ go ndéanfaḋ an coiste fograíoċt fá ċoinne 13 múinteoirí fá ċoinne na bliana seo ċugainn.

Iarraḋ ar an Príoṁ-Oifigeaċ litreaċa a ċur ċuig na múinteoirí ins na scoileanna ar fud na condae, ag tabairt cuireaḋ dóiḃa cur isteaċ ar post mar Príoṁ-Oide i nGaoṫ Sáile agus i mBaile Ċaṫail.

Ag freagairt ceiste ó P. S. Daibiġ, dúraḋ go raḃṫar ag obair ar tarraiceoirí oibre fá ċoinne leaṫnú do scoil Ḃéal an Ṁuirṫid.

Cuireaḋ rún coṁbrón i bfeiḋm le Seán T. Ó Ruaḋáin, Coillte Maġaċ, i mbás a ḃeanċéile.

Tá an Coiste Gairmoideaċais ag bronnaḋ 50 scoláireaċta do ṁicléinn don ċéad bliain, ċuig na Coláistí Gaeilge in Acaill agus Eaċléim. Bronnfar 10 scoláireaċta do scoláirí na dara bliana.

Dúirt an Príoṁ-Oifigeaċ go raiḃ deacraċt ann múinteoirí a ḟáil do na cúrsaí seo, aċ go ḃfuair siad Eoin R. Ó Néill, ó Ḃéal Áṫa na Muice, leis na ranganna Gaeilge, agus ábar leanúna a ṫógaint ar feaḋ míosa agus go raiḃ Anna Ní Ċinnéide, agus Emer Nic Aoḋa, toilteanaċ na ranganna in Tíos a ġlacaḋ.

Ag freagairt ceiste. dúirt an Príoṁ-Oifigeaċ naċ ḃfuair sé scéala ar biṫ ón Roinn fá scoil Coimsiṫeaċ a ṡoláṫar do ceantar Gleann na Muaiḋe.

D'iarr P. S. Daibiġ air, dul i dteangṁáil leis an Roinn arís faoin scéal.

Ó'N ḂREATAIN ḂIG

17 Sráid a' Ċaisleáin,
Gort a' Ċoirce,
Beann Ċór,
An Ḃreatain Ḃeag, T.
19-6-65.

Don Eagarṫóir,
"AMÁRAĊ."

A Eagarṫóir ḋil,

Ḃíos an áṫasaċ á ḟeiceáil go raiḃ méadú ar dóċas ar AMÁRAĊ (11-6-65) ar ṫaoiḃ ċáis na Gaeltaċta.

Ḋeallróċaḋ sé ós na dá lat, "Suirḃé ar Ḃuntaisti Aiceannta an Iarṫair" agus "21 Bádaí Gliomaċ Nua" go mbíonn rudaí ag éirí faoi ḃealaċ faoi ḋeire. Tá súil agam go dtiocfaiḋ an tairḃe a mbíonn muinntir na Gaeltaċta ag braiṫ uirre as an obair atá eadar láṁaiḃ ċeanna féin nó a cuirfear eadar láṁaiḃ feasta.

Is iontaċ liom nár cuireaḋ scéim mar seo i ḃfeiḋm i ḃfad ó ṡoin.

Cuireas an tsuim fosta san alt faoi "Ċoṁḋáil eadar - Náisiúnta Pleanála Réigiúnda." Síleann an tUasal Carter go mbáfaí an Cymraeg "dá dtiocfaḋ na mílte Béarlóirí ag obair sa Ḃreatain Ḃig." Is dóċa gur ċualais ċeanna ar ḃainisteoir monarcain i mBlaenau Ffestiniog, ceantar sleiḃteaċ 'na labartar Cymraeg ag níos mó ná noċtaḋ sa ċéad (90 p.c.) des na daoiniḃ.

Ċuir mo ḋuine fógra ar an ċlár á rá naċ raḃ cead ag aoine des na fearaiḃ a dteanga féin do labairt le linn uair na hoibre fiú aṁáin le linn an "tea-break" nó aimsear dinnéar.

Tá, d'réir a cluinim fiċe fear (Breaṫnaiseoirí) ag obair sa ṁonarċain agus aontuiġeadar uiliġ aċ aṁáin beirt les an órdú. Fuair an ḃeirt sin an "sack."

Ċualas, aċ nílim cinnteaċ, gur h-árduiġeaḋ ceist i bParliminirt faoi dtaoiḃ den ċás. Dúirt roint daoine go mb'éigin don ḃainisteoir ḃeiṫ an-ċúramaċ nó go gcaiṫfiḋe sa 'Llyn' (loċ) é. Támuid ag fanaċt le cionn deire a' scéil.

Focal a léiġeas cúpla uair ar AMÁRAĊ, "cuí". Cad is ciall leis? má's é do ṫoil é. Níl an focal i mo 'ḟoclóir'.

Gaḃ mo ḃuiḋeaċas,

Mise,
Pádraig Mac Cearnaiġ.

ÁRAIS ĊONRAḊ NA GAEILGE

Tá sé i gceist ag an gConraḋ gaċ diċeall a ḋéanaṁ ċun feabas a ċur ar a gcuid árais, timpeall na tíre agus hallaí nua a ṫógáil sna h-áiteanna ina ḃfuil gá leo. Is cuma cé ċoṁ taiṫneaṁaċ is a ḃíonn imeaċtaí na gcraoḃ muna mbíonn ionad sásúil ann dóiḃ ní féidir an pobal a ṁeallaḋ ċun freastal orṫu. Ní ṫiocfaiḋ daoine isteaċ i gcúl-seomraí ḋorċa le h-aġaiḋ siamsa i ré seo an raċmais.

Tá fo-ċoiste ag scrúdú pleananna ċun hallaí réaṁ-ḋéanta a ṫógáil ar ċostas a ḃeaḋ réasúnta íseal. Tá pleanáil cúramaċ riaċtanaċ ní aṁáin ċun go mbeaḋ crot maiṫ ar na hallaí a tógfar aċ freisin ċun go mbainfear na úsáid is fearr astu nuair a ḃeiḋ siad ar fáil.

GALTAN I NGAILLIṀ

Ṫug an Maasdam cuairt ar port na Gaillime Dé hAoine seo caite. Cuireaḋ 50 paisnéirí ó Rotterdam, Bremeréibín, agus Southampton i dtír i nGaillim ⁊ tigaḋ 80 paisnéirí ar bord ó Ġaillim ag dul go Nua Eabraċ, agus trí ġluaisteán. An tender Galway Bay, a ṫug na paisnéirí isteaċ agus na daoine eile amaċ.

OILEÁIN ÁILLE DÚN NA NGALL

Ailbhe Ó Monacháin do scríobh

Moltar Éire i gceol 's i scéalta
Is aoibhinn radharc i ngach aon bhall,
Molfaidhmíd ár ndúthaigh Ghaelach,
Plúr ár dtíre, Dún na nGall.

Geam na tuinne Inis Bó Finne,
Inis Oirear, Inis Meán;
Ainmneacha deasa, binne
Mar bheadh ranna cheoil i ndán.

Is aoibhinn Góla 's Inis Cróine,
Sí Tír na h-Óige Ára Mhór,
Inis Fraoigh ar ghileacht seóide
Inis Éan agus Cruit an cheoil.

Inis Thiar 's Inis Dúmhaighe,
Inis Eascair Mhic an Duirn,
Inis Caol 's Oileán Umhaighe
Umfinn 's Reachlainn ghlas Uí Bheirn.

Inis Míol 's Inis Caorach,
Inis Sionnaigh, Inis Thall,
Inis Bheag 's Toraigh mhaorga,
Oileáin áille Dún na nGall.

Curfa:

Siúl an domhan i bhfus 's thall,
Ní fhuighfidh tú sárú Dún na nGall,
Ar áilleacht sleibhte, gleann 's trá,
Ach siad na h-oileáin mo thaogha 's mo ghrá.

GLEANNḂARR

Ag an ċruinniú ḋeireanaċ de ċoiste Coláiste Loċ Súilí, Gleann-ḃarr, dúirt an rúnaí. Éamon Mac Giolla Ṗádraig, go mbeaḋ níos mó no 120 scoláirí ar an rolla do ṁí Iúl, sin níos mó no ḃí socraiṫe acu a ġlacaint i dtús báire, aċ scoláirí a ḃí an-ḟonnṁar a ṫeaċt ba ḋóiliġ iad a ḋiúltú. Mairfiḋ an ċéad ċúrsa ó'n 6ú Iúl go dtí'n 29ú Iúl. Tiocfaiḋ na scoláirí ar an 5ú Iúl agus fágfaiḋ siad arais ar an 30ú Iúl. Beiḋ an dara cúrsa ann ó'n 3ú Lúnas go dtí'n 26ú Lúnasa. Tiocfaiḋ na scoláirí ar an 2ú Lúnasa agus imeóiḋ siad arais ar an 27ú Lúnasa. Rinneaḋ lear ceisteanna agus deacraċtaí a ḃaineas leis an Ċoláiste agus leis na cluiċí a ḃéas ag na mic-léinn a ṡocrú. Ċuaiġ baill an ċoiste ṫart ar na tiġṫe lóistín ⁊ ṡocraiġ siad ar an uiṁir mac-léinn a ḃéas i ngaċ teaċ.

Tá muintir na háite seo an sásta go ḃfuil carr na litreaċ ag teaċt ḟad le h-oifig Ġleann-ḃarr anois. Tá'n ceantar seo mór agus nuair a ḃeaḋ lód mór litreaċ le rann ṫart b'ioma lá a ṫáinig nuair na mbeaḋ faill ag fear an ṗoist a ḃeiṫ arais ar an Ċeaṫrún Caoil in am do carr na litreaċ. Mar sin de luiġfeaḋ na litreaċa a ḃéiṫí a gcuir ar ṡiúl luiġfeaḋ siad oiċe ar an Ċeaṫrúin Ċaoil. Níl moill ar biṫ ar litreaċ no ar ḃeirtín ó seo amaċ.

Mar ġeall ar an droċ lá a ḃí ann ar an 23ú lá den ṁí ní raiḃ an oiread aiṁmí ar aonaċ Ḃaile na nGalloglaċ agus is gnáċ. Cé go raiḃ luaċa go hárd ní raiḃ an t-éileaṁ ró géar aċ aṁáin ar ḃa ḃainne no ar ḃa ionlaiġe.

GAILLIṀIĠ GAĊ ÁIT

De réir scéala ó Nua Eabraċ, tá sárá ag foireann peile na Gaillime agus ċuile áit dá dtéann siad, tá neart daoine as Co. na Gaillime, agus de íoraḋ na Gaillime, ansin, le fáilte a ċur rompa, agus gaċ meas agus ómos a ṫaispeáint dóiḃ. Agus is maiṫ iad mar ionadaiṫe na hÉireann i Nua Eabraċ mar níl duine aṁáin insan ḟoireann naċ ḃfuil inann teanga a tíre a labairt, agus is breá le pobal Ṁeiriceá agus go h-áiṫrid le Éireannaí, den ċéad glún nó den seaċtú glúin, teanga a dtíre a ċloisteáil ó foireann ċoṁ cáiliúil le foireann na Gaillime. Tá clú agus cáil orṫa fá ċoinne imirt cluiċí na tíre, agus is fearr an tuairim a ḃéas ag muintir Ṁeiriceá do spórt na hÉireann, tar-éis dóiḃ foireann na Gaillime a ḟeiceáil ag imirt.

BUN-ÁIT INGEARÁN

Dúraḋ ċeana insan ṗáipéar seo gur ċeart go mbeaḋ na h-Ingearáin bunaiṫe insan Iarṫar, mar gur le freastal ar an ċósta Iarṫar agus an tuaiscirt a ba ṁó a ḃeaḋ siad ag teastáil. Níor tugaḋ sin fós, aċ ċuas céim eile níos coṁgaraí de, le fógra go ḃfuilṫear ċun ionad brosla do na h-Ingearáin a ḃunú ag Bearraic Míleata i gCaisleán an Ḃarraiġ gan ṁoill. Beiḋ an bun-áit sin le freastal ar an cósta ṫuaiḋ agus ṫiar. Cuirfear tanc 2,000 galún ins na bearraicí, ⁊ ṗioc innealtóirí an Aer Ċorp an suíoṁ fána ċoinne Dé Máirt seo caite. Le tamall anuas, ḃí na h-Ingearáin ag stad go rialta ag Caisleán an Ḃarraiġ, áit a raiḃ siad ag tarraingt ola ar bord ó tancanna.

CRAOBH CHONDAE NA GAILLIMHE

RASAI NA gCURRACH

LA MOR I LEITIR MOR

De Domhnaigh, 11u Iuil, 1965

AERIOCHT MHOR

1. RASA CURRACH CANBHAIS (6 bhuille)—Craobh an Chondae. Duaiseanna: £15, £10, £5.
2. RASA CURRACH ADHMAID (dha sheas)—Craobh an Chondae. Duaiseanna: £10, £5, £3.
3. TUG-OF-WAR—Craobh an Chondae.
4. DIOLACHAN EARRAI—Togha margai le fail.

Daimhseoiri, Amhranaithe agus Ceoltoiri as gach aird.

La Gaelach—na caill e.